AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 28.5.2018
SWD(2018) 250 final

**DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN**

**ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR**

***a ghabhann leis an doiciméad***

**Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

**maidir le híoscheanglais le haghaidh athúsáid uisce**

{COM(2018) 337 final} - {SEC(2018) 249 final} - {SWD(2018) 249 final}

Measúnú tionchair ar thogra le haghaidh ionstraim dlí maidir le híoscheanglais d'athúsáid uisce.

## A. An gá atá le beart

**Cén fáth? Cén fhadhb a bhfuiltear ag díriú uirthi?** 11 líne ar a mhéad

Sa lá atá inniu ann, bíonn an tríú cuid de chríoch an Aontais thíos le struis uisce ó cheann ceann na bliana, agus is cúis imní do mhórán Ballstát de chuid an Aontais é ganntanas uisce. De réir réamh-mheastacháin bunaithe ar athrú aeráide, is i méid a rachaidh an fhadhb ar fud an Aontais as seo go dtí na blianta atá amach romhainn. Imrítear drochthionchar ar shaoránaigh an Aontais agus ar earnálacha eacnamaíocha (talmhaíocht, tuarasóireacht, tionscal, fuinneamh agus iompar) i ngeall ar infhaighteacht laghdaithe. D'fhéadfadh sé sin difear a dhéanamh don iomaíochas agus don Mhargadh Inmheánach. Mar chuid de chur chuige le haghaidh bainistiú comhtháite uisce lena n-áirítear coigilteas uisce agus bearta éifeachtúlachta uisce, is rogha mhalartach iontaofa ar an soláthar uisce é uisce cóireáilte ó ionaid chóireála fuíolluisce uirbigh chun críocha éagsúla amhail uisciú talmhaíochta nó athlíonadh uiscígh. Tá leibhéal na hathúsáide uisce in AE sa lá atá inniu ann i bhfad níos ísle ná an acmhainneacht shuntasach atá aici cé go bhfuil tionchar comhshaoil níos lú aice ná mar atá ag aistrithe uisce nó ag díshalannú agus gur féidir sochair chomhshaoil, eacnamaíocha agus shóisialta a bheith mar thoradh uirthi. Is é atá mar aidhm ag an tionscnamh, mar sin, aghaidh a thabairt ar an **bhfhadhb iomlán, is é sin go bhfuil an leibhéal athúsáide uisce ró-íseal chun rannchuidiú go suntasach le ganntanas uisce san Aontas a laghdú**. Tá an gá atá le gníomhaíocht AE aitheanta sa Treoirphlean (2012) agus tugtar aghaidh air sa Phlean Gníomhaíochta don Gheilleagar Ciorclach (2015) agus i gClár Oibre an Choimisiúin.

**Cad leis a bhfuiltear ag súil ón tionscnamh seo?** 8 líne ar a mhéad

Is é an cuspóir ginearálta ná rannchuidiú le ganntanas uisce ar fud AE a mhaolú, i gcomhthéacs oirniú don athrú aeráide, go háirithe trí mhéadú a dhéanamh ar ghlacadh na hathúsáide uisce le haghaidh uisciú talmhaíochta i gcás ina bhfuil sé sin ábhartha agus costéifeachtach agus fós a áirithiú go gcoinnítear ardleibhéil cosanta don tsláinte phoiblí agus don chomhshaoil. Go sonrach, má dhéantar chreat cumasúcháin a bhunú trí chur chuige coiteann d'athúsáid uisce in uisciú talmhaíochta ar fud AE, is féidir bainistiú níos éifeachtúla a éascú le haghaidh acmhainní ganna uisce. Trí íoscheanglais choiteanna a shocrú, táthar an súil go mbainfear ardleibhéil cosanta amach do thomhaltóirí, d'oibrithe agus d'aon duine eile den phobal a bhíonn thíos leis, agus don chomhshaol, go háirithe d'acmhainní uisce agus d'éiceachórais agus ithir atá ag brath orthu; ar bhealach indíreach, táthar ag súil go mbeidh tionchar dearfach aige ar dhearcadh an phobail.

**Cad é an breisluach atá le beart a dhéanamh ar leibhéal an Aontais?** 7 líne ar a mhéad

Tá 60 % d'abhantracha AE comhroinnte idir na Ballstáit, rud a fhágann go bhfuil gá le gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais chun aghaidh a thabhairt ar bhainistiú uisce agus ar thruailliú uisce. Maidir le hathúsáid uisce, má ghníomhaíonn na Ballstáit ina n-aonar, bíonn na constaicí teicniúla agus na costais ghaolmhara níos airde ná mar is gá, lena n-áirítear maidir le soláthraithe teicneolaíochta ar cuideachtaí ar scála AE iad. Tá údar maith freisin le gníomhaíocht AE d'uisciú talmhaíochta chun cosc a chur ar cheanglais náisiúnta éagsúla a dhéanann dochar d'iomaíocht chothrom, rud a chuirfeadh constaicí roimh an margadh inmheánach do tháirgí talmhaíochta a uiscítear le huisce athshlánaithe. Rinneadh an gá sin le gníomhaíocht AE a dhearbhú sna comhairliúcháin fhorleathana leis an bpobal agus le geallsealbhóirí. Le haghaidh athlíonadh uiscígh, ní mheastar gníomhaíocht rialála AE a bheith comhréireach, mar gheall ar a ghné láidir áitiúil.

## B. Réitigh

**Cad iad na roghanna beartais reachtacha agus neamhreachtacha a breithníodh? An bhfuil rogha thosaíochta ann nó nach bhfuil? Cén fáth?** 14 líne ar a mhéad

Chun aghaidh a thabhairt ar an bhfadhb agus chun na cuspóirí a bhaint amach, rinneadh breithniú ar na beartais seo a leanas le haghaidh uisciú talmhaíochta: (1) ionstraim dlí lena n-áiritheofar sábháilteacht táirgí talmhaíochta le cur chuige 'a oireann do gach cás' agus lena n-áiritheofar cosaint na sláinte poiblí áitiúla agus an chomhshaoil, (2) ionstraim dlí lena n-áiritheofar sábháilteacht táirgí talmhaíochta le cur chuige 'a oireann dá fheidhm' agus lena n-áiritheofar cosaint na sláinte poiblí áitiúla agus na chomhshaoil agus (3) Treoirdhoiciméad maidir le sábháilteacht táirgí talmhaíochta agus cosaint na sláinte poiblí áitiúla agus an chomhshaoil. San anailís ar na roghanna agus sa chomparáid eatarthu, baintear an tátal amach gurb í rogha (2) an rogha thosaíochta cionn is gur féidir toirt is mó fuíolluisce chóireáilte a sholáthar léi ar chostas níos ísle i gcomparáid leis na roghanna eile agus, sa chaoi sin, gur féidir an toradh is fearr is féidir a shaothrú maidir leis an gcuspóir iomlán a bhaint amach.

I dtaobh ionstraim dlí a roghnú, déantar plé ar na féidearthachtaí maidir le Treoir nó Rialachán agus meastar an dá rogha a bheith oiriúnach, agus buntáistí agus míbhuntáistí ag baint le gach ceann acu. Cé go ndéanfadh Rialachán freastal níos fearr ar nádúr cumasaithe an tionscnaimh, d'fhéadfadh sé le Treoir, go mbeadh níos mó solúbthachta ann i dtaobh ceanglais náisiúnta níos déine a leagan síos (agus fós ualach trasuímh a fhorchur ar na Ballstáit uile, lena n-áirítear iad siúd nach bhfuil athúsáid uisce ábhartha iontu san am i láthair).

**Na páirtithe leasmhara éagsúla agus na bearta is rogha leo** 7 líne ar a mhéad

Tacaíonn na geallsealbhóirí uile agus an pobal le coincheap ginearálta na hathúsáide uisce. Maidir le huisciú talmhaíochta, go háirithe na Ballstáit atá i mbun athúsáide cheana, tacaíonn siad go láidir le hionstraim dlí ón Aontas. Tacaíonn na Ballstáit eile go ginearálta leis a fhad agus nach mbeidh an athúsáid uisce éigeantach.

Tacaíonn earnáil na feirmeoireachta leis freisin a fhad agus a bheidh solúbthacht ann do chúinsí áitiúla agus a dhéanfar éifeachtúlacht costais a ráthú. Is iad na cuideachtaí príobháideacha is mó atá dearfach i measc na ngeallsealbhóirí uile agus aithníonn siad an acmhainneacht eacnamaíoch freisin. Go ginearálta, tacaíonn ENRanna leis.

## C. Tionchar na rogha tosaíochta

**Cad iad buntáistí na rogha tosaíochta (más ann dóibh, agus murab ann, cad iad buntáistí na bpríomhroghanna)?** 12 líne ar a mhéad

Le haghaidh uisciú talmhaíochta, bheadh sochair chomhshaoil, eacnamaíocha agus shóisialta ag bhaint le hionstraim dlí AE a bhfuil cur chuige 'a oireann dá fheidhm' aici. I gcomhthéacs cur chuige comhtháite maidir le bainistiú uisce agus oiriúnú don athrú aeráide, bheadh feirmeoirí in ann tairbhe a bhaint as soláthar uisce níos sláine, lena n-áirítear le linn tréimhsí triomaigh nuair a d'fhéadfadh sé nach mbeadh foinsí eile uiscithe ar fáil. Rannchuideodh an méid sin, go háirithe, le strus uisce a mhaolú trí ghlacadh méadaithe athúsáide uisce ar phraghsanna inacmhainne a d'fhéadfadh méid thart ar 6.6 billiún m3 in aghaidh na bliana a bhaint amach i gcomparáid leis an mbunlíne de 1.7 billiún m3. Sa bhreis air sin, dhéanfadh sé iomaíocht chothrom a chruthú d'infheisteoirí agus thabharfadh sé cinnteacht maidir le dáileadh na dtáirgí ábhartha sa mhargadh inmheánach agus, sa chaoi sin, rannchuideodh sé le méadú a dhéanamh ar mhuinín an phobail in athúsáid uisce le haghaidh uiscithe.

**Cad iad costais na rogha tosaíochta (más ann di, agus murab ann, cad iad costais na bpríomhroghanna)?** 12 líne ar a mhéad

Maidir le huisciú talmhaíochta, meastar, faoi ionstraim dlí AE le cur chuige 'a oireann dá fheidhm', go mbeadh gá le hinfheistíochtaí de EUR 38 /(m3/lá) chun cóireáil a dhéanamh ar na toirteanna uisce atá ar fáil, agus faoin gcur chuige 'a oireann do gach cás' d'ardódh an costas go dtí EUR 271 /(m3/lá). Le hinfheistíocht níos lú ná EUR 700 milliún, d'fhéadfaí cóireáil a dhéanamh ar os cionn 6.6 billiún m3 in aghaidh na bliana faoi bhun na tairsí costais céanna leis an gcur chuige 'a oireann dá fheidhm' i gcomparáid le hinfheistíocht de thimpeall ar 600 milliún le haghaidh timpeall ar 800 milliún m3 in aghaidh na bliana leis an gcur chuige 'a oireann do gach cás', agus, sa dá chás, bheadh costas iomlán don uisce athshlánaithe faoi bhun EUR 0.5 /m3.

**Cén difear a dhéanfar do ghnólachtaí, do FBManna agus do mhicrifhiontair?** 8 líne ar a mhéad

Meastar go mbeidh tionchar ag an tionscnamh ar sholáthraithe teicneolaíochta agus ar ghnólachtaí feirmeoireachta, a bhfuil FMBanna san áireamh sa dá dhream acu. Cruthóidh sé deiseanna nua do FMBanna atá i bhfabhar athúsáid uisce, ar deiseanna iad amhail poist a chruthú agus réitigh nuálacha a imscaradh i dteicneolaíochtaí athúsáide uisce, córais nuálacha faireacháin agus teicnící anailíseacha chun ceanglais nua a chomhlíonadh. Bhainfeadh gnólachtaí talmhaíochta, lena n-áirítear FMBanna, arb iad an tomhaltóir is mó fionnuisce sna Ballstáit iad, tairbhe as rochtain shlán ar acmhainní uisce. D'fhéadfadh costas suntasach a bheith in infheistíochtaí caipitil chun an bonneagar uiscithe a chur ar bun. Ní imreofaí aon tionchar díréireach ar mhicrifhiontair ná ar fheirmeoirí meánmhéide.

**An imreofar tionchar suntasach ar bhuiséid náisiúnta agus ar údaráis riaracháin náisiúnta?** 4 líne ar a mhéad

Ní bheidh ach ualach riaracháin breise an-bheag ann. Den chuid is mó, bainfear úsáid as sruthanna tuairiscithe atá ann cheana faoin Treoir Réime Uisce agus faoin Treoir maidir le Cóireáil Fuíolluisce Uirbigh, agus ní dhéanfar ach líon teoranta de cheanglais bhreise faireacháin a fhorbairt. Beidh ar na Ballstáit na nósanna imeachta ceadaithe is gá a chur ar bun. Déanfaidh oibreoirí ceanglais faireacháin maidir le cáilíocht uisce athshlánaithe a ghlacadh orthu féin.

**An mbeidh aon tionchar suntasach eile i gceist?** 6 líne ar a mhéad

Rannchuideoidh an tionscnamh leis an aistriú chuig an nGeilleagar Ciorclach agus le cur chun feidhme Sprioc Forbartha Inbhuanaithe Uimh. 6 maidir le hUisce Glan agus Sláintíocht. Ina theannta sin, comhlánóidh sé an nuachóiriú atá ar siúl agus an simpliú atá á dhéanamh ar an gComhbheartas Talmhaíochta.

## D. Obair leantach

**Cathain a dhéanfar athbhreithniú ar an mbeartas?** 4 líne ar a mhéad

Sa dréachtionstraim dlí beidh Nós imeachta coiste chun na hiarscríbhinní (íoscheanglais agus príomchúraimí bainistíochta riosca) a oiriúnú do chur chun cinn eolaíoch de réir mar is gá. Áireofar leis freisin clásal ginearálta athbhreithnithe (tar éis 6 bliana).